

M'ONCAIL COLM

Bhí oncal agam, Colm Mhac Thuathaláin, a chaith cuig bliana agus dá fhichid in Ameireacá. I n-imtheacht an achair sin is ag obair ag an athair is ag an mac a bhí sé. Agus ní raibh focal Béarla aige an lá tháinig sé abhaile ach oiread agus bhí ag an maide.. Ní thiubhradh sé sgilling do dhia. Sé an chaoi a ndearnadh sé chuile phinginn dár shaothruigh sé a thabhairt dá bhean. Chuir sise a hainm féin agus ainm a dreifire síos leis sa mbannc. Nuair a cailleadh an bhean bhí an t-airgead ag an dreifiúir, agus rud ar bith a thogair sí a thabhairt, a thabhairt dó. Ní raibh fhios aige céard a bhí aige. Sgríobh sé litir abhaile annsin ag m'athair-sa agus d'fíafuigh sé dó dá dteagadh sé abhaile an leigfeadh sé isteach é. dubhairt m'athair leis má thogair sé thigheacht go raibh fáilte roimhe, ach nach bhféadfadh sé a rádh go bráthach gurb é féin a chuir fios air. Tháinig sé agus bhí iargcúis mhór ag tigheacht aige – leabacha, bráthlíne agus pluideanna. Badh é gnás na tíre nuair a thioctadh fear nó bean abhaile as Meireacá leath-bhairle pórtair a bheith sa teach. Hinnsigheadh an sgéal dó nuair a facthas nach raibh sé ag cur aon chosúlacht air féin. “Níl aon duine dhá dhéanamh sin,” adeir sé, “ach amadán. D'imthigh m'athair agus chuir sé fios ar leath-bhairle pórtair. Ní raibh aon fhear sa teach is mó a d'ól de'n phórtar ná Colm é féin.

D'íoc m'athair an leath bairille pórtair leis an ósdóir. Coicís a bhí sé sa mbaile nuair a d'iarr sé m'athair go Gaillimh in éindigh leis. Réidhtigh siad amach iad féin. Chuadar go Gaillimh. Nuair a chaitheadar a mbricfeasta bhuaileadar soir ag an mbannc. Leag sé trí céad go leith sa mbannc. “Sílim,” adeir sé “nach bfágfaidh mé mo lámh féin folamh.” Bhí bille eile aige a raibh cúig phunt fhichead ann. Cheannaigh sé dhá sparán. D'fhágadh sé ceann sa mbaile agus bhíodh an ceann eile ag imtheacht ina phóca aige nuair a bhíodh sé ag obair ar fud na talmhann. Ní raibh fear oibre ar bith a bhí i ndon a bhualadh amach le sainnt. Bhí cruit air bhí sé chomh cromtha sin

D'imigh sé agus cheannaigh sé asal, a dtug sé coróin is punt air, a thiubhradh ag an ngarrdha é ag obair agus thiubhradh abhaile é tráthnóna. Bhíomar aon lá amháin ar an bportach ag gróigeadh móna agus bhí an lá chomh te agus go mbeadh an fiach dubh ag cur a theangadh amach. Sé an chaoi a dteagadh an dinnéar ar an bportach againn. Tháinig beirt col ceathracha dhom féin go dtí muid. Shuidheamar síos ag caitheamh tobac. A Chuilim,”adeirim-se, “tabhair luach leath-galúin portair do Chóil –duine den bheirt colcheathair – agus tiubraidh sé chugainn é.” “Nach flaitheamhail an mhaise dhuit é,” adeir sé. “Ní shin é an chaoi ar shaothruigh Colm a airgead ar an mBaic Bay South Boston.”

Is gearr go dtáinig an dá dhinnéar, dinnéar ár gcolceathracha agus ár ndinnéar sinne. Nuair a bhíomar réidhte thug Colm leis píosa aráin agus ghlaoth sé air Francis – sin é an t-ainm a bhí aige ar an asal. Is ó Josey Francis a cheannaigh sé an t-asal. Bhí an t-asal aige ar an toirt. Thug Colm an t-arán dó. Sé a bhí tóigthe. Thosuígheamar ag gróigeadh aríst is ar an mbruach a bhí seisean ag gróigeadh agus mise taobh amuich dhe, ar an mbarr. Pé bí breathnú a thug mé tharm chonnaic mé an rud geal. Chuaidh mé anonn chomh fada leis.

Céard a bheadh ann ach a sparán a thuit as a phóca. Thóig mé is chuir mé i mo phóca é. Ní raibh fhios agam céard a bhí ann agus b'fhada liom ná mo saoghal go mbeadh sé in am stopadh. "Meas tú a Chuilim," adeirim-se cá fháide go dtugamuid suas?" "Nuair a chríochnós muid an barr móna seo. Bhíomar ag obair linn gur chríochnuigheamar é. D'imigh leis. Fuair sé a asal. Bhuaile sé marcuidheacht air agus chuaigh sé abhaile. Bhuaile mé fhéin soir go dtí na colceathracha a bhí ag obair taobh thoir díom. "A Shéain" adeirim-se le duine acab," "deir tú le Oinneach Uí Bhriain a chaill an sparán? "An bhfuair tú é? adeir sé. "m'anam go bhfuaras."

"An raibh mórán ann?" adeir sé.

"Níl fhios agam céard tá ann go n-osgluighimid é." D'fhosglamar an sparán agus séard a bhí ann trí ghiní buidhe agus ocht bpinginn déag. "Céard a dhéanfas muid leis?" adeir an dreatháir eile. "Fágaidh annseo," adeirim-se, "ólfamuid na hocht bpinginn déag."

D'ól. "Céard a dhéanfas muid leis an gcuid eile?" adeirim-se. "Ceannóchamuid abhar curaighe agus cuirimid dá déanamh í," adeirim-se.

"An dtiocfadh tusa go Gaillimh Dia Sathairn?" adeirim-se le Cóil. "Tiocfad," adeir sé. Shín mé chuige na trí ghine. Thug sé adbhar curaighe abhaile leis, canbhás agus teara. Ins an am sin a dó dhéag agus punt d'íocfá ar an méad sin agus cúig déag don fhear a dhéanfadh í ach tráthnóna na hoidche seo ar chaill sé an t-airgead dubhairt sé le máighistreas sgoile a bhí ar lóistín sa teach againn, "má bhíonn tú ag dul soir ag teach na sgoile anocht tiubhraidh tú cupla onsa tobac agam?" "Tuige nach dtiubhrainn?" adeir sí, "béidh mé ag dul soir chomh fada le tigh an tsagairt." Nuair a chuir sé a lámh ina phóca le luach an tobac a thabhairt dí ní raibh sparán ná airgead aige. An uail a chuir sé as chuir sé as chuir sé sgannradh ar an máighistreas agus an cat a bhí ar an teallach chuaigh sé d'aon léim amháin ar an tsráid.

Céard tá ort a Chuilim," adeir an mháighistreas D'innis sé dí. "Tiubhraidh mise chugat é as mo chuid airgid féin," adeir sí. "Geobfaidh tú fós é." Níor ith sé aon greim ag dhul a chodladh dhó. D'eirigh sé ag a hocht a chlog ar maidin lár na bárach. Níl aon fhód dar ghróigeamar an lá roimhe sin nár leag sé aríst ag cuartú an airgid agus gan é le fagháil aige. Ní raibh aon fhocal le fáil uaidh in imtheacht seachtaine. Dia Domhnaigh a bhí chugat tháinig mac dreifíre ar cuairt aige, agus ní ar chuairt a tháinig sé ach ag iarraidh iasacht airgid air. Ba iarraidh dhó agus ní fagháil

Ní raibh aon mhaith dhó dhá iarraidh. Ní bhfuighfeadh sé é, ná Naomh Peadar dá dteagadh sé – nár leigidh Dia go gcuirfinn bréag air. Tháinig Séan, dreatháir Chóil, go dtí é. "Cuir ainm Pheadair síos leis an airgead banc in éindigh le t-ainm féin nó béidh siad seo ag tigheacht gcomhnaidhe ag iarraidh an airgid ort agus ní thiubraidh siad forus ná suaimhneas duit," adeir Séan. An oidhche chéadna tháinig sé go dtí mé féin.

"Tabhair isteach an capall anocht" adeir sé.

"Tuige?" adeirim-se. "Béidh mé féin is tú féin ag dhul go Gaillimh ar maidin. Ní thiocfaidh mise ag íoc cár," adeir sé "capall annsin againn, srian agus diallaid."

D'imigh linn ar maidin agus chuamar go Gaillimh. d'itheamar ar mbricfeasta i dtigh Antoine Uí Fhíne, bhuaileamar soir ag an mbannc. "Seo anois," adeir sé leis an Ard-Chléireach, "tá

mise ag cur a ainm seo síos le mo chuid airgid in eindigh le m'ainm féin. "Níl fhios agam," adeir an cléireach "céard tá tú a rádh." An fear ba ghóire do'n árdchléireach labhair sé. "tá fhios a'm-sa," adeir sé, "céard tá sé a rádh, agus tá aithne agam ar an bhfear óg." "Cén gaol atá agat leis an bhfear óg?" adeir an t-árd-cléireach "sé mac mo dhreathara é," adeir m'oncal. "An bhfuil aon mhuirghin ort féin?" adeir sé – agus Curley an cléireach eile a' déanamh teangan. "Níl," adeir m'oncail, "agus ní raibh ariamh." Well," adeir an tÁrdchléireach, "tá mac do dhreathara sáthach gar duit. Tá sin ceart," adeir sé "gabhaidhidh anonn go dtí an fear sin thall, tá mise réidh libh." "An mbéid tú ag tarraingt aon phioc indiu?" adeir an sean-bhuachaill liom-sa. "Uair ar bith a thiubhras mise go Gaillimh annseo thú tarraingneóchamaid punt, béidh deich sgilling a d'-sa agus deich sgilling a'm-sa." Bhí fuirmeacha crochta ar thaobh an desk agus chaithfeá t'ainm is do shloinneadh a sgríobh ar fhuirim agus iomlán an airgid a bhí tú a iarraidh. Rug mé féin ar an bhfuiirm sgríobhas m'ainm agus mo shloinneadh air agus "five pound note" faoi thíos. "Go leith anois, a sheanbhuachaill," adeir Curley," agus leag do lámh ar an bpeann." Leag m'oncal a lá'mh ar a bpeann agus leag Curley nóta cúig phunt ag an seanbhuachaill. "Cuir in do sparán é sin anois," adeirim-se. Chuir sé ina sparán é. Chraith sé lámh le Mr Curley ag dhul amach dó. "Cé ngabfamuid anois," adeir sé "go bhfágamuid deoch?" "gabhfamuid siar go tigh Lenehan," adeirim-se. "Tabhair dhom é sin," adeirim-se, "agus sinfeáilfidh mé é, b'éidir go mbfhusa a shinseáil annseo sa mbannc ná i dtigh Lenehan." Thug sé dom an nóta cúig punt, isteach liom chuig Mr Curley aríst. Thug sé ceithre pháipéar punt agus dhá leath-ghiní buidhe dom. Bhuaill mé na ceithre pháipéar im o póca agus choinnigh mé an dá leath-ghiní imo láimh. Nuair a gabh mé amach ar an tsráid shín mé aige an dá leath-ghiní (leathshobharan). "Coinnigh tú féin ceann," adeir sé. Choinnigheas. Bhí deich is ceithre phunt agam is leathghiní aige-san. Leanas don obair sin nó go bhfuair sé bás. Níor cuireadh aon fhear ó Gaillimh siar is fearr a cuireadh ná é. D'imthigh clann a dreifiúire nuair

a fuair sé bás agus tháinigeadar isteach go dtí Daly an tornaé. Bhí siad san ag iarraidh an t-airgead a bhaint díomsa. Chailleadar airgead leis ach níor airis leob. Níor tharraing mé pinginn de'n airgead go ceann bliana ina dhiaidh sin. Bhain mé deatach as, níl baoghal ar bith nár bhaineas. Bhronn mé maide láimhe ar Mr Curley agus cárt fuisge istigh ann. Badh as condae na hIarmhidhe é agus badh bhreagh an Gaedhilgeoir é. Tar éis gurbh as Iarmhidhe é ní raibh aon mharach ar a chuid Gaedhilge. Badh as Béal Átha na Sluaighe a mháthair. Bhíodh sé ag obair ar an talamh ag á n-a athair nuair a bhí sé óg agus sgoiláire bocht dá mhúineadh sa mbaile san oidhche. Bhíodh sé ag iasgach again-ne sa samhradh agus dheamhan

focal Béarla a labhradh sé linn ach Gaedhilge. Bhínn ag iasgach leis ar na lochanna.

D'imthigh sé thar sáile ar fad.

12/5/30.